# Scéal, Scéal, Scéal...





Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

13 Bealtaine 2021

## COMÓRTAS DO DHÉAGÓIRÍ

Tá Féile Chois Fharraige á reáchtáil ag Cumann Forbartha Chois Fharaige agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Imeacht ealaíona agus chultúrtha a bheas sa bhféile a dhéanfaidh ceiliúradh ar chultúr, cheol, ealaíon oidhreacht agus traidisiún Chois Fharraige. Tá scileanna cruthaitheacha aosa óg Chois Fharraige ag teastáil le lógó na féile a dhearadh. Beidh an lógó á úsáid i bhfógraíocht na féile agus ar líne. Iarrfar ar dhéagóirí an cheantair a n-iarratais a sheoladh chuig optchoisfharraige@gmail.com faoin Aoine 21ú Bealtaine. Beidh duais €200 le bronnadh ar an mbuaiteoir.




## DUAIS IDIRNÁISIÚNTA BUAITE AG FÍBÍN

D'éirigh leis an gcomhlacht Meangadh Fíbín, atá lonnaithe ar An Tulach, duais mhór idirnáisiúnta a bhuachaint sa gcomórtas Prix Circom do chláracha teilifíse. "Samhlú 2020" an clár ar a bronnadh an duais don chlár ba nuálaí. Is i gCloch na Rón a déanadh an clár "Samhlú" agus bhí neart amhránaithe, aisteoirí, damhsóirí agus ceoltóirí páirteach sa gclár.




## PODCHRAOLTÓIRÍ ÓGA CHOLÁISTE CHROÍ MHUIRE

Comhghairdeachas leis an ngrúpa scoláirí ón Idirbhliain i gColáiste Chroí Mhuire sa Spidéal, a ghnóthaigh an dara háit i gcomórtas náisiúnta podchraoltaí a d'eagraigh Gael Linn."Idir Shúgradh 's Dáiríre" an podchraoladh a chuir siad i dtoll a chéile faoin scríbhneoir cáiliúil ón gCnocán Glas, Máirtín Ó Cadhain. Bhí meascán de cheol, scéalta, stair chomh maith le hagallaimh le muintir an Chadhnaigh sa gclár. Bhí Amanda Ní Bhrádaigh, Ailbhe Ní Neachtain, Máirín Ní Chéidigh, Marcus Ó Conghaile, Iarfhlaith Canny, Cormac Ó Tuairisc agus Éamonn Ó Ceallacháin sa mbuíon rathúil. Bronnadh €750 orthu mar dhuais. Treise libh!



## RANGANNA CÓCAIREACHTA AN TSAMHRAIDH

Tá Forbairt Tuaithe na Gaillimhe i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ag reáchtáil ranganna cócaireachta an tSamhraidh ar *Zoom*. Cúrsa sé seachtaine atá i gceist ag tosú ar an gCéadaoin 26 Bealtaine idir7-9i.n. Is féidir clárú ach glaoch a chur ar Nórah Ní Cheannabháin ag 087 974 0572.



## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga Mhaigh Cuilinn ar an Máirt 18ú Bealtaine @ 7:30i.n. ar *Zoom*. Máirtín Ó Mhaoilchiaráin a bheas i mbun cainte agus cúrsaí bithéagsúlachta ar an bhfeirm a bheas á phlé aige. Roinnfidh Máirtín a chuid saineolais, nodanna agus dea-chomhairle agus beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur air chomh maith agus plé ginearálta a dhéanamh ar thopaic na hoíche. Beidh duais le buachan ar an oíche chomh maith! Déan teagmháil le optchoisfharraige@ gmail.com le clárú don ócáid roimh mheánlae ar an Luan 17ú le cinntiú go gcuirfear do spás in áirithe.







## FOLÚNTAS AG AN MBUILÍN BLASTA

Tá post mar *bharista* á fhógairt ag an mBuilín Blasta. Ní mór taithí a bheith ag iarratasóirí ar a bheith ag obair i gcaifé gnóthach, ag déanamh caife agus ag déileáil go díreach le custaiméirí. Bheifí ag súil go mbeadh an té a n-éireoidh leis/léi in ann tosú láithreach. Déan teagmháil leis an mBuilín Blasta ar Facebook: Builin Blasta nó ar an suíomh idirlín: www.builinblasta.ie le tuilleadh eolais a fháil.

## CATH AN SPIDÉIL 1921

Tharla an eachtra ba mhó i gCois Fharraige le linn Chogadh na Saoirse 100 bliain ó shin an deireadh seachtaine seo. Scaoil buíon den IRA le baill den RIC luath ar maidin an 14 Bealtaine sa Spidéal. Las na *Black and Tans* dhá theach taobh thiar den Spidéal agus d'fhill siad ar an 17 Bealtaine agus lasadh dhá theach eile taobh thoir den Spidéal. Pléifear an scéal ar Iris Aniar ar RnaG ar an 14 Bealtaine. Tá alt ag Donnacha Ó hEallaithe faoin scéal sa gCuradh Connachtach agus is féidir teacht ar an alt ag www.coisfharraige.ie

## RANGANNA ACLAÍOCHTA FAOIN AER LE CHRISTINE

Tá Christine Cox ag filleadh ar ranganna aclaíochta amuigh faoin aer! Beidh na ranganna ar siúl ag an gCéibh Nua sa Spidéal. Clárama sé seachtaine atá leagtha amach ag Christine a bheidh ar siúl ar an Máirt @ 7i.n. agus Pilates maidin Dé hAoine agus Dé Sathairn @ 9:30r.n. Ní mór d'áit a chur in áirithe roimh ré le cinntiú go gcloítear le srianta sláinte poiblí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na ranganna ach teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277 nó teachtaireacht a sheoladh chuici ar Facebook ag Christine Cox Fitness. Tá sí ag súil go mór le chuile dhuine a fheiceáil arís! Bainigí taitneamh as!

## DAMHSA ACLAÍOCHTA

Tá ranganna damhsa aclaíochta á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige. Bíonn na ranganna ar siúl ar an Luan @ 7i.n. ar *Zoom*. Deis damhsa le ceol comhaimseartha agus píosa spraoi trí mheán na Gaeilge atá ann faoi stiúir Ciara Ní Loingsigh - damhsóir proifisiúnta le taithí aici ar ranganna damhsa a mhúineadh ar *Zoom*. Le páirt a ghlacadh ann, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige @gmail.com nó ag 0830106294.




## DUAISEANNA LITEARTHA BRONNTA AR SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA CHOIS FHARRAIGE

Comhghairdeachas le Damhnait Ní Fhátharta agus Amelia Samuels a bhuaigh duaiseanna liteartha náisiúnta le gairid. Mar chuid den chomórtas a d'eagraigh Fighting Words i gcomhpháirtíocht leis an Irish Times, roghnaíodh *An tOileán*, gearrscéal an-chruthaíoch agus spreagúil le hAmelia agus d'éirigh le *'Soilse na hOíche'* dán íogair, samhlaíoch le Damhnait Ní Fhátharta duais a bhaint amach freisin. Tá Amelia sa dara bliain agus Damhnait sa tríú bliain i gColáiste Chroí Mhuire. Foilsíodh an dán agus an gearrscéal i bhforlíonadh na bliana seo den Irish Times New Young Writers Supplement.

Comhghairdeachas libh a chailíní!







## ATHRUITHE I GCLÓ IAR-CHONNACHT

Tá Mícheál Ó Conghaile ag éirí as stiúrthóireacht Chló Iar-Chonnacht, an comhlacht foilsitheoireachta a bhunaigh sé 35 bliain ó shin. Tá CIC ar cheann de na comhlachtaí foilsitheoireachta is rathúla sa tír agus meas orthu de bharr caighdeán a gcuid oibre. Tá Cló Iar-Chonnacht lonnaithe sa Spidéal anois, taobh ó thuaidh den Cheardlann. Sí Deirdre Ní Thuathail, an Bainisteoir Ginearálta, úinéir nua an chomhlachta. Thar na blianta a raibh Micheál i gceannas, foilsíodh thart ar 1,000 teideal idir leabhair, caiséid agus dlúthdhioscanna ceoil.

Tá cúigear fostaithe go lánaimseartha ag CIC. Tá sé i gceist ag Micheál anois níos mó ama a chaitheamh i mbun scríbhneoireachta.

Guíonn muid chuile rath air féin agus ar Dheirdre.



**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá scéilín, nuaíocht nó fógra ar mhaith libh a scaipeadh linn i Scéal, Scéal, Scéal...is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com**

## DÚSHLÁN AR SON NA MADRAÍ!

Tá imeacht fíorúil á reáchtáil ag MADRA, Mutts Anonymous Dog Rescue and Adoption - i mbliana chun daoine – agus a gcuid madraí – a spreagadh le dul amach i mbun aclaíochta! Dé Sathairn an 29 Bealtaine beidh foireann MADRA, chomh maith lena gcuid oibrithe deonacha, ambasadóirí agus lucht tacaíochta ag tarraingt a mbróga reatha orthu féin agus ag dul amach le hachar 5 no 10km a rith nó a shiúl, agus tá siad ag iarraidh go mbeidh tusa leo! Tuairscíodh éileamh níos airde ná riamh ar mhadraí ó mhí Aibreáin seo caite, le teacht na paindéime – rud a fhágann go bhfuil ionad MADRA lán i gcónaí le madraí leochaileacha neamh-shóisialaithe nó madraí le fadhbanna fadtréimhseacha sláinte. Déanann gach síntiús, beag nó mór, difríocht ollmhór don obair seo ag cinntiú gur féidir aire den chéad scoth a thabhairt do na gadhair. Is féidir clárú don imeacht ag www.madra.ie. Tá táille €20 ar dhuine aonair, agus €40 ar theaghlach. Bronnfar teastas agus bonn álainn ar na rannpháirtithe go léir.